

Polasaí Frith-bhulaíochta

I gColáiste Cholmille, tá sé de cheart ag gach scoláire a bheith ag foghlaim agus a bheith in ann feidhmiú go héifeachtach ar scoil. Chuige sin, ní ghlacfar le bulaíocht de chineál ar bith nó d'aon droch-iompar a chuirfear isteach ar obair nó dul chun cinn dhuine ar bith.

Cuireann bainistíocht Choláiste Cholmille i bhfeidhm na ‘**Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile**’, atá mar chuid den doiciméad seo mar **Pholasaí Frith-Bhulaíochta Colaiste Cholmille**.

Tá na ‘**Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile**’ ceaptha tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe cuí oideachais agus go ngabhfaidh na gnásanna seo áit Threoirlínte 1993 ar Iompar Bulaíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna a Chomhrac.

Séard is bulaíocht ann ná **ionsaí leanúnach** a dhéanann duine, nó grúpa, ó bhéal, go siceolaíoch nó go fisiciúil in aghaidh duine nó daoine eile.

Tá cineálacha éagsúla bulaíocht ann:

- Ionsaí fisiciúil.
- Dochar do mhaoin.
- Sracaireacht (extortion).
- Scanrú.
- Glaochanna maslacha teileafóin.
- Leithlís (isolation).
- Ag glaoch ainmneacha.
- Ag magadh.

Comharthaí Bulaíochta:

- Faitíos ar scoláire agus é/í ar scoil.
- Mitcheáil ón scoil.
- Ag titim siar san obair scoile.
- Ag fáil tinn go minic.
- Athruithe tobann in iompar an scoláire.
- Comharthaí inní infheicthe.
- Dochar déanta nó rudaí goidte ó dhuine.
- Brú nó gortú gan míniú.
- Drogallach ag rá céard atá ag cur as dóibh.

Ag fiosrú agus ag deileáil le bulaíocht, de réir ‘Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile’.

- Ba cheart freagra a fháil ar na ceistanna seo leanas ar bhealach séimh:
 - Céard a tharla?
 - Cén áit?
 - Cén uair?
 - Cé a rinne é?
 - Cén fáth?
- Má tá slua i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine ina aonar agus, ar deireadh, ar an slua le chéile.
- Má tá sé soiléir go bhfuil scoláire ag déanamh bulaíochta, ba chóir a chur in iúl dó/di go bhfuil sé/sí ag briseadh “Cód Iompair na Scoile”.
- Ba chóir d’aon mhúinteoir a fhiosraíonn cás bulaíochta cuntas, i scríbhinn, a choinneáil air.
- Nuair a tharlaíonn bulaíocht, ba cheart don Phríomhoide, don Leas-Phríomhoide nó don Mhúinteoir i bhFeighil castáil le tuismitheoirí na scoláirí (ar an dá thaobh) chun é a phlé leo **má cheapann siad go bhfuil gá leis.**
- Tá sé tábhachtach go mbeadh cruinniú leis an mbeirt atá i gceist go haonraic agus le chéile tamall tar éis an eachtra chun cairdeas a chothú eatarthu arís.

Ó tharla gurb iad na scoláirí a mbíonn easpa féinmhuiníne agus nach mbíonn féinmheas acu orthu féin is mó a bhíonn páirteach i mbulaíocht, ba cheart do mhúinteoirí gach deis a úsáid chun féinmheas agus féinmhuinín a chothú i measc na scoláirí.



**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na nIar-
bhunscoileanna, na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha Aitheanta
agus
Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna**

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile

1. Cuspóir an Chiorcláin

Is é cuspóir an chiorcláin seo údaráis bhainistíochta scoile a chur ar an eolas go bhfuil *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (a dtabharfar "na gnásanna seo" orthu anseo feasta) ceaptha tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe cuí oideachais agus go ngabhfaidh na gnásanna seo áit *Threoirlínte 1993 ar Iompar Bulaíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna a Chomhrac*. Toradh is ea na gnásanna seo ar athbhreithniú ar threoirlínte 1993 agus ar fheidhmiú an *Phlean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht – Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Frithbhulaíochta chuig an Aire Oideachais agus Scileanna*, tuarascáil a foilsíodh in Eanáir 2013.

2. Ginearálta

Is é cuspóir na ngnásanna seo treoir a thabhairt d'údaráis scoile agus do phearsanra scoile faoin tslí le hiompar bulaíochta i measc daltaí a chosc agus dul i ngleic leis má tharlaíonn sé agus déileáil le haon tionchar diúltach a bheadh ag iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil ar shaol na scoile. Beidh feidhm ag na gnásanna seo maidir le gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus maidir le hionaid oideachais (mar a shainítear iad san Acht Oideachais 1998) ar a bhfreastalaíonn daltaí faoi 18 mbliana d'aois. I gcás ina ndéanann scoil soláthar do dhaoine fásta leochaileacha beidh feidhm ag na gnásanna seo maidir leis na foghlaimoirí fásta sin. Ceanglaítear ar údaráis scoile agus ar phearsanra scoil cloí leis na gnásanna seo agus iad ag déileáil le líomhaintí bulaíochta agus le teagmhais bhulaíochta.

3. Na chéad chéimeanna eile

Ceanglaítear ar gach Bord Bainistíochta socruithe a dhéanamh láithreach chun beartas frithbhulaíochta a cheapadh agus a ghlacadh go foirmiúil agus ní mór don bheartas géilleadh go hiomlan do riachtanais na ngnásanna seo. Táthar ag súil go mbeidh beartas frithbhulaíochta glactha ag gach scoil go luath i scoilbhliain 2013/14 agus roimh dheireadh an dara téarma sa scoilbhliain 2013/14 ar a dhéanaí. Cuirfear beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil ansin do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil beidh sé ar fáil ar shlí éigin eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ach é a iarraidh) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip de bheartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile, má iarrtar é.

4. Achoimre ar na Príomheilimintí

Seo a leanas achoimre ar phríomheilimintí na ngnásanna seo:

Ceanglaítear ar gach Bord Bainistíochta socruithe a dhéanamh láithreach chun beartas frithbhulaíochta a cheapadh agus a chur chun feidhme go foirmiúil agus ní mór don bheartas géilleadh go hiomlan do riachtanais na ngnásanna seo. Cuirtear teimpléad do bheartas frithbhulaíochta ar fáil in **Aguisín 1** de na gnásanna seo. Ní mór do gach scoil a mbeartas frithbhulaíochta a bhunú ar an teimpléad sin.

Ní mór beartas frithbhulaíochta na scoile a chur ar fáil do phearsanra na scoile, é a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, é a chur ar fáil ar shlí éigin eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ach é a iarraidh) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip de bheartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile, má iarrtar é.

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm focal, iompar síceolaíoch nó iompar fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa daoine in aghaidh duine nó daoine eile, agus a

dhéantar arís agus arís eile. Leagtar síos go soiléir sna gnásanna seo go n-áirítear ar bhulaíocht cibearbhulaíocht agus bulaíocht bunaithe ar aitheantas (ar nós bulaíocht hómáfóbach agus bulaíocht chiníoch).

□ Leagtar amach sna gnásanna seo na prionsabail dea-chleachtais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus ceanglaítear ar gach scoil géilleadh do na prionsabail sin ina mbeartas frithbhulaíochta. Is iad seo na prionsabail:

- Cultúr agus timpeallacht dhearfach a bheith i réim sa scoil
- Ceannaireacht éifeachtach
- Cur chuige scoile uile
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aici
- Straitéisí Oideachais agus Coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt) a chur chun feidhme
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais d'iompar bulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú go comhleanúnach agus obair leantach a dhéanamh níos déanaí (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

□ Aithnítear sna gnásanna seo gurb é an rud is tábhachtaí leis an mbulaíocht a chosc cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil bunaithe ar mheas agus ar uilechuimsitheacht agus dearcadh fáilteach a bheith ag pobal na scoile i leith na difríochta agus na héagsúlachta. Leagtar amach sna gnásanna príomhghnéithe den chultúr dearfach scoile agus tugtar roinnt leideanna praiticiúla do scoileanna faoin tslí le cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile a chothú.

□ Aibhsítear sna gnásanna seo a thábhachtaí atá an cur chuige scoile uile (lucht bainistíochta, foireann, daltaí agus tuismitheoirí). Le cois ról lucht bainistíochta agus ról na foirne, tá ról ag tuismitheoirí agus ag daltaí agus é de fhreagracht orthu cabhrú leis an scoil iompar bulaíochta a chosc agus déileáil leis má tharlaíonn sé. Ina theannta sin ní mór déileáil le haon tionchar diúltach a bhíonn ag iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil ar shaol na scoile.

□ Sna gnásanna seo ceanglaítear cosc na bulaíochta a bheith ina chuid dhílis de bheartas frithbhulaíochta na scoile. Ní mór na straitéisí oideachais agus coiscthe bulaíochta a chuireann an scoil i bhfeidhm a thairfeadh sa bheartas frithbhulaíochta agus ní mór dóibh déileáil go

sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas lena n-áirítear bulaíocht hómafóbach agus bulaíocht thrasfóbach.

□ Rud eile a chaithfear a leagan amach i mbeartas frithbhulaíochta scoile ná na gnásanna atá ag an scoil chun bulaíocht a imscrúdú agus déileáil leis agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh go foirmiúil. Ní mór gnásanna na scoile a bhunú ar na treoracha a thugtar sna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

□ Leagtar an bhéim sna gnásanna seo ar an bpríomhaidhm atá le bulaíocht a imscrúdú agus déileáil leis, mar atá aon cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé chomh fada agus is féidir (seachas an milleán a chur ar dhaltaí áirithe).

□ I gcás ar bith inar chinn múinteoir gur tharla iompar bulaíochta:

○ ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoi agus na bearta a dhéanfar a mhíniú dóibh (ag tagairt do bheartas na scoile).

○ ní mór don mhúinteoir i dtrácht taifid scríofa chuí a choimeád chun cabhrú léi/leis an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí sé, chomh fada agus is féidir.

□ Ní mór don múinteoirí cuí an t-iompar bulaíochta a thaifeadadh sa ór teimpléad caighdeánach taifeadta ag **Aguisín 3** de na gnásanna seo (agus cóip a chur ar fáil don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide, faoi mar a bheadh) sna cásanna seo a leanas:

○ I gcásanna ina measann sí/sé nár díriodh go cuí leordhóthanach ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis di/dó a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta; agus

○ I gcás ina bhfuil sé cinnte ag an scoil mar chuid dá bheartas frithbhulaíochta go gcaithfear iompar bulaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú láithreach don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide, faoi mar a bheadh, i gcásanna áirithe.

□ Áirítear ar na gnásanna socruithe maoirseachta ina bhfuil sé leagtha síos go gcuirfidh an Príomhoide ar fáil don Bhord Bainistíocht uair amháin ar a laghad i ngach téarma scoile

○ líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (ar an teimpléad taifeadta bulaíochta in **Aguisín 3** de na gnásanna seo) don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide ó tuairiscíodh don Bhord an uair dheireanach agus

○ deimhniú gur déileáladh le gach cás díobh sin, nó go bhfuiltear ag déileáil leo, de réir bheartas frithbhulaíochta na scoile agus de réir na *nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

□ Mar chuid de na socruithe maoirseachta, ní mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Ní mór fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile a chur ar fáil do phearsanra na scoile, a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoil (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ach é a iarraidh) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Gheofar foirm caighdeánach fógra chuige sin in **Aguisín 4** de na gnásanna seo. Ní mór taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Níl san achoimre thuas ach príomhphointí na ngnásanna seo agus mar sin ba cheart iad a léamh mar chuid den doiciméad iomlán dar teideal *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

5. Ceisteanna

Ba cheart do na scoileanna ceisteanna mar gheall ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus an tslí ina gcuirtear na gnásanna seo i bhfeidhm a fhreagairt.

Ba cheart ceisteanna ginearálta a chur i r-phost chuig an Roinn ag: schoolgovernance@education.gov.ie

6. Scaipeadh an Chiorcláin

Ba cheart cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus d'fhoireann na scoile. Ba cheart cóip a chur ar fáil, leis, do Chumann na dTuismitheoirí. Gheofar an chiorclán seo agus na gnásanna a ghabhann leis ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie. Gheofar leagan Gaeilge den chiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Hubert Loftus, Príomhoifigeach
An Rannóg um Beartas Rialaithe Scoileanna
Meán Fómhair 2013